


SAMHAIN 2024

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht an Uachtaráin | 3 |
| Teachtaireacht ó Chathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG | 4 |
| Ár gCluichí, Ár Laochra - Liam Coleman | 5 |
| Ar bhóthar na smaointe | 7 |
| Cumann Lúthchleas Gael – 140 Bliain ar an Fhód | 10 |
| Faraor Céad  Slán le James | 11 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 13 |
| Seinnliosta GAAgaeilge ar Spotify | 14 |
| Stair Chumann Lúthchleas Gael – Na Móreachtraí Cuid 1 | 15 |
| Ag Réiteoireacht – Aimsigh na Focail! | 20 |
| Paul Conroy ainmnithe mar Imreoir na Bliana | 21 |
| Sláinte na bhfear 'is go maire na mná go brách! | 24 |
| Crosfhocal | 27 |
| Camchuairt na nAmhrán - Eochaill, Corcaigh | 28 |
| Do Threibh, Do Chontae | 29 |
| Freagraí | 30 |



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Céad míle fáilte romhaibh go dtí an t-eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thaitneamh as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós 'Ár gCluichí, Ár gCultúr', crosfhocal, tráth na gceist, 'Do Chontae, Do Threibh', CLG @140 bliain, míreanna club agus go leor leor eile. Bainigí sult as.

Maidir le cúrsaí ar an pháirc imeartha tá Craobhchomórtais Chúige na gClubanna go maith faoi lánseol faoin tráth seo agus tá scoth na gcluichí le feiceáil seachtain i ndiaidh seachtaine ar fud na tíre. Guím gach rath ar na clubanna ar fad atá fágtha sna craobhchomórtais. Tá sé iontach dathanna clubanna CLG a fheiceáil amuigh ar shráideanna agus an bród a chruthaíonn na cluichí do na paróistí sin go háirithe i mbliana agus muid ag ceiliúradh 140 bliain den Chumann a bheith ar an fhód.

Chonaic muid rialacha trialach Choiste Athbhreithnithe na Peile le gairid, fosta, sna comórtais idirchúige i bPáirc an Chrócaigh agus is iontach go bhfuil na rialacha seo á bplé i measc bhaill an Chumainn. Leis an Chomhdháil Speisialta ar siúl ag deireadh na míosa seo, is am iontach cinniúnach é do thodhchaí na peile agus thiocfadh ré nua a bheith i ndán di. Tá obair den chéad scoth déanta ag an choiste faoi stiúir Jim Gavin agus gabhaim mo mhíle buíochas leo as ucht a gcuid oibre agus as a gcuid dúthrachta.

Guím gach rath, fosta, ar na daoine óga uilig a bheidh ag glacadh páirte i mbabhtaí éagsúla contae agus cúige de chuid Scór na nÓg uaidh seo go ceann roinnt seachtainí. Molaim go mór iad. Mar a deir an seanfhocal – mol an óige agus tiocfaidh sí!
Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Beirigí bua ag beannacht,

*Iarlaith Ó Broin*
*Uachtarán*
*Chumann Lúthchleas Gael*



# Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is deireanaí de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá san eagrán is deireanaí seo.

Tá tréimhse Choiste Naisiúnta na Gaeilge 2024-2027 go maith faoi lánseol ag an tráth seo agus tá ríméid orm sibh a thabhairt suas chun dáta maidir leis an obair atá idir lámha againn. Ó cheap Uachtarán CLG, Iarlaith Ó Broin, ina Uachtarán bhí an iliomad cruinnithe againn le páirtithe leasmhara agus le daoine nach iad agus muid ag iarraidh an clár oibre a mhúnlú.

Ó bhí mé ag caint libh go deireanach seoladh páirtnéireacht, i gcomhar le Gaelchultúr Teo agus Cumann na nImreoirí, i mí Dheireadh Fómhair inar fógraíodh go mbeadh 100 scoláireacht le bronnadh ar imreoirí peile, iomána agus camógaíochta idirchontae le freastal ar ranganna de chuid Gaelchultúr. Chuir muid fáilte roimh Gael Linn go Páirc an Chrócaigh ag tús na míosa seo, áit ar bhronn Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael duaiseanna orthu siúd a bhuaigh na comórtais éagsúla tráchtaireachta. Tá babhtaí ceannais na gcúigí i gcomórtas Thráth na gCeist Gaeilge ar siúl faoi láthair agus is léir go bhfuil borradh ag teacht ar an chomórtas.

Taobh amuigh de na himeachtaí sin tá muid ag obair ar leabhrán téarmaíochta a chlúdóidh na téarmaí uilig a bhaineann leis na cluichí Gaelacha. Tá súil againn an leabhrán seo a chur fáil roimh dheireadh ár dtéarma do gach duine atá ag plé leis na cluichí Gaelacha. Thosaigh muid ag amharc ar na seirbhísí Gaeilge a chuireann muid ar fáil, fosta, agus ar na bealaí a d'fhéadfadh muid cur leis na seirbhísí sin. Tá muid ag labhairt, chomh maith, leis na hoifigigh Ghaeilge atá ag saothrú ag leibhéal an chontae ar fud na tíre.

Beidh ceann de bhuaicphointí na bliana ar siúl againn ar 29 Samhain i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhronnfar gradaim Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar chlubanna ó fud fad na hÉireann mar aitheantas ar an obair iontach atá ar bun acu agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid clubanna. Gabhaim buíochas mór lenár bpáirtnéirí sa scéim seo, Glór na Gael. Tá muid fíorbhuíoch díobh as an obair mhór a dhéanann siad i riar na scéime seo. Tá muid ag súil go mór le fáilte a chur roimh Sheán O'Shea, Ambasadóir Gaeilge CLG, chuig an ócáid seo chomh maith.

Tá muid ag súil go mór, fosta, le cur le clár na Gaeilge le linn ár dtréimhse agus go mbeidh tuilleadh scéalta maithe maidir leis na rudaí seo le fógairt againn go luath.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste.

Beirigí bua,

*Áine Uí Choinn*
*Cathaoirleach*
*Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG*

*Le Jamie Ó Tuama*




# Ár gCluichí Ár Laochra

## *Liam Coleman*

Is é captaen Loch Garman, Liam Ó Colmáin, an laoch CLG is deireanaí le páirt a ghlacadh sa tsraith Ár gCluichí, Ár Laochra. Imríonn an t-imreoir lár páirce le Baile an Chaisleáin nuair nach bhfuil sé ag imirt lena chontae agus tá dhá chraobh chontae buaite aige lena chlub ó 2019 i leith.

'Tír gan teanga, tír gan anam. Sílim go bhfuil an Ghaeilge fíorthábhachtach do stair na tíre agus tá freagracht orainn í a choimeád beo.'

Liam Ó Colmáin, Bealtaine 2024



Seo thíos mar d'fhreagair Liam ár gcuid ceisteanna:

**Ainm:**
Liam Ó Colmáin

**Aois:**
24

**Club:**
Baile an Chaisleáin

**Contae:**
Loch Garman

**An scannán is fearr leat?**
Shawshank Redemption

**An leabhar is fearr leat?**
Atomic Habits

**An banna ceoil is fearr leat?**
Fred Again

**An áit is fearr leat?**
An Fód Dubh, Maigh Eo

**An bia is fearr leat?**
Pasta

**An clár teilifíse is fearr leat?**
Game of Thrones

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Áth Cliath in aghaidh Mhaigh Eo i gCluiche Leathcheannais Peile na hÉireann sa bhliain 2006

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Alan Brogan nó Mattie Forde

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
2019

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**
Oisín Gallen

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**
Brian Fenton nó David Clifford

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Cluiche Ceannais Loch Garman 2022

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**
Nuair a bhuaigh muid ar Uíbh Fhailí i gCorn Tailteann sa bhliain 2022

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
Cluiche Ceannais an chontae a bhuachan i 2019 agus i 2022

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
M'athair

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Bain taitneamh as agus bígí ag cleachtadh i gcónaí

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Rúinne beag tonnmharcaíochta

**Laoch spóirt taobh amuigh de CLG:**
Michael Jordan



Le Bernie Ó Conaill

# Ar bhóthar na smaointe

Is gearr a bhíonn an t-am ag imeacht a deirtear agus seo muid agus leathshúil againn anois ar an Nollaig. Fágann sé seo gur siar is minicí a bhíonn muid ar bhóithrín na smaointe an tráth seo don bhliain. Nádúr an duine is dóigh agus an geimhreadh ar thairseach an dorais.

Tá lón machnaimh maith againn i mbliana théis na trialacha ar na rialacha peile nua faoi stiúir choiste Jim Gavin. D'aontódh go leor go raibh sé thar am bualadh faoina leithéid de bheart agus tá plean cuimsitheach curtha le chéile chun athnuachan a dhéanamh ar an gcluiche. Mar a bheadh tú ag súil ón gCathaoirleach bhí téagar sa réiteach agus sa chur chuige.

Chuile dhuine agus a thuairim féin aige maidir lena moltaí théis na gcluichí idirchúige. Is trua ar bhealach nach mbeidh na comórtaisí réamhshéasúir againn



Matthew Tierney, Connachta v Laighin

chun dul i dtaithí ar na hathruithe ach ar ndóigh caithfear tús áite a thabhairt do chúram na n-imreoirí. Ghéaraigh an tsuim théis na gcluichí spéisiúla seo.

Ar an taobh eile den scéal beidh suim aisteach agus tábhacht nach beag sa tsraith an bhliain seo chugainn. Is é mo bharúil féin go dteastódh dúshláin agus coimhlintí na sraithe chun an próiséas uilig a mheas. Nuair atá plé staidéarach ann i bhfianaise na gcluichí cothóidh sé suim agus aird an phobail arís agus arís eile.

Tá a tharraingt féin ag an am seo don bhliain leis na craobhacha condae agus cúige uilig socraithe. Gaiscí aisteacha agus stair logánta déanta ó Chuala go Cora Finne sa pheil mar aon le báireoirí agus peileadóirí Luachma-Caisleán Laighnigh. Má bhí léargas breise ag teastáil uainn ar an ngliondar a spreagtar i gcroíthe leantóirí bhí sé le haireachtáil go tréan i muintir na Fiacaile leis an mbua stairiúil iomána acu.

Ní hamháin ar na craobhacha sinsear atá an tsuim uilig dírithe. I mBéal Átha na Slua a bhí mé le gairid ag Cluiche Leathcheannais Chraobh Idirmheánach na Gaillimhe nuair a chas Naomh Mícheál na Cathrach i gcoinne Uarán Mór Mearaí. Théis go raibh an sway le leaids an chondae sa ghrúpa ní mar sin a bhí an scéal ar an lá sin. B'iontach a bheith i láthair chun paisean an tslua ón dá chumann a aireachtáil. Cluichí mar seo a lonraíonn an saol d'imreoirí, leantóirí agus a bpobail.

Cothaíonn na hAll-Stars agus na gradaim áitiúla plé



Cuala - Seaimpíní Átha Cliath 2024

agus díospóireacht an t-am seo bliana . Dá mbeinnse ag caitheamh mo bhóta féin do fhoireann na bliana is siar go Curaidh Peile na hÉireann 1974 a bheinn ag dul as ucht an beart iontach a rinne na Dubs chun seasamh le captaen na Gaillimhe sa chraobh i '74, Gay Mitchell.

Bhronn fir na hardcathrach seic de luach €5,000 ar Ospís na Gaillimhe théis dóibh scéal Gay, maidir lena iníon Aoife a cailleadh go tubaisteach, a chloisteáil. Sheas laochra an Chumainn lena chéile agus lonraigh siad luachanna spóirt amach don saol mór.

Comhghuaillíocht, báidh agus meas ar a chéile i bhfad théis an fheadóg a bheith séidte. I measc na cogaíochta, na fulaingte agus chrá croí an tsaoil ba mhór an rud laochra '74 ag tabhairt eiseamláir den chineál seo. Go mba fada buan iad.




# Gach Eolas ar fáil anseo




# Cé hé seo?



# Cumann Lúthchleas Gael – 140 Bliain ar an Fhód




Cothrom na míosa seo 140 bliain ó shin, tháinig grúpa daoine le chéile i seomra beag in óstán i nDurlas Éile le fís a chruthú fá choinne féiniúlacht spórtúil ar leith do mhuintir na hÉireann.

Ní raibh a fhios acu ag an am, ach spreagfadh an fhís sin a scaip Cíosóg, Ó Daimhín agus a gcomhghleacaithe ó Óstán Uí Aodha in 1884, na milliúin duine agus ghabhfadh sí i bhfeidhm go mór ar an náisiún.

Dhéanfaí athbheochan agus tarrtháil ar ár gcuid cluichí glórmhara, atá lán de scileanna draíochtúla agus atá dúchasach dár dtír, agus bheadh tóir orthu ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana i saol na hÉireann.

Phacáil muintir na hÉireann leo an grá a bhí acu do na cluichí Gaelacha i measc a gcuid giuirléidí agus thug siad leo na cluichí sin chuig níos mó ná caoga tír taobh amuigh d'Éirinn. Chruthaigh siad gréasán de níos mó ná 500 club atá suite i mbeagnach gach cearn den domhan.

Tá an Cumann beo beathach i 1,600 club ar fud na hÉireann – clubanna atá ag croílár a gcuid pobal áitiúil agus ina bhfuil na mílte duine ag feidhmiú go deonach, ar thús cadhnaíochta iontu. Tá na daoine seo tiomanta do bheith gníomhach ar mhaithe le rud atá i bhfad níos mó ná iad féin, chomh maith le cultúr a chruthú ina bhfuil Áit Dúinn Uilig Ann.

Tugann muid buíochas dóibh siúd uilig a chruthaigh an rud atá againn inniu.
Ónár ndaoine muinteartha nach bhfuil linn a thuilleadh, agus atá á leanúint go bródúil againn, go dtí na daoine óga a bhfuil muinín againn astu ár dtraidisiúin a chur ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile.

Tugann muid buíochas dár gCluichí, dár gCultúr agus dár Muintir.

Is muidne Cumann Lúthchleas Gael.

Go raibh míle maith agaibh.

Le Jamie Ó Tuama

# Faraor Céad Slán le James

Lá brónach do lucht leanta Átha Cliath a bhí ann Dé Luain, 4 Samhain, nuair a d'fhógair an fathach mór peile, James McCarthy, go raibh sé éirithe as painéal peile Átha Cliath.

D'imir James cluiche craoibhe le foireann shinsear Átha Cliath don chéad uair thiar sa bhliain 2011 faoi stiúir Pat Gilroy agus ó shin leith bhí sé lárnach i mbuanna móra na Dubs. 9 gcraobh uile-Éireann atá buaite ag fear Bhaile Munna chomh maith le 14 cinn de chraobhacha Laighean agus cúig cinn de Shraitheanna Náisiúnta Allianz. Bhuaigh sé Craobh f21 na hÉireann le hÁth Cliath sa bhliain 2010 faoi stiúir Jim Gavin. Sé ghradam All-Star ar fad a bhuaigh sé.

Bhuaigh sé Craobh Peile Átha Cliath agus Laighean lena chlub Ciceam Bhaile Munna sa bhliain 2012 agus bhuaigh sé craobh eile contae sa bhliain 2020, le linn Covid.

Mac é James le John McCarthy a d'imir le hArm Heffo le linn na seachtóidí a bhuaigh trí cinn de chraobhacha uile-Éireann.

Áirítear James, ní hamháin i measc na bpeileadóirí ab fhearr a d'imir le hÁth Cliath riamh ach, i measc na bpeileadóirí ab fhearr ó chontae ar bith a d'imir peil Ghaelach.

An bhfeicfear a leithéid arís?



# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

**Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.**

**Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.**

**Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.**

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

**Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**





*Laoch mór Loch Garman, Lee Chin*

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

**1.Cén contae ina bhfuil 'na cait' mar leasainm orthu?**

**2.Cé hé bainisteoir fhoireann shinsear peile Ard Mhacha?**

**3. Cé a bhí mar 'laoch na himeartha' i gCluiche Ceannais Sinsear Iomána Uile-Éireann 2024?**

**4. Cá n-imríonn Doire a gcuid cluichí baile?**

**5. Cá mhéad gradam All-Star atá buaite ag Brian Fenton?**

**6. Cé a bhuaigh Iománaí na Bliana 2023?**

**7.Cá mhéad Craobh Shinsear Peile Uile-Éireann atá buaite ag Ciarraí?**

**8.Cén contae lena n-imríonn Lee Chin?**

**9. Cá mhéad Craobh Shinsear Peile Uile-Éireann atá buaite ag Jim Gavin le hÁth Cliath?**

**10. Cén contae ina n-imríonn CLG Ghaoth Dobhair.**

**FREAGRAÍ**

# Seinnliosta GAAgaeilge ar Spotify

Chabhraigh Ambasadóir Gaeilge CLG, Seán O'Shea, linn ár seinnliosta Gaeilge ar Spotify a thabhairt suas chun dáta le gairid. Cad a cheapann sibh faoi?

***GAA gaeilge - playlist by GAA | Spotify***





# Stair Chumann Lúthchleas Gael – Na Móreachtraí Cuid 1

**1884 Bunú Chumann Lúthchleas Gael**
Ar iarratas ó Mhicheál Cíosóg tháinig seachtar fear le chéile in Óstán Uí Aodha i nDurlas ar 1 Samhain 1884 agus bhunaigh siad Cumann Lúthchleas Gael le caithimh aimsire náisiúnta na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn. Toghadh Muiris Ó Daimhín ina Uachtarán, agus toghadh Micheál Cíosóg, Seán  Wyse Power agus John McKay ina Rúnaithe. Iarradh ar an Ardeaspag Tomás Liam Cróc, Charles Stewart Parnell agus ar Micheál Mac Daibhéid a bheith ina bpátrúin.

**1887 Scoilt agus Atógáil**
Bhí scoilt i CLG de bharr cúrsaí polaitíochta. Bhí daoine áirithe ar son an IRB agus bhí daoine eile ar son Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann. Tháinig an t-achrann chun buaice ag Comhdháil Bhliantúil CLG 1887 nuair a d'éirigh leis an iarrthóir de chuid an IRB, Edward Bennett, an ceann is fearr a fháil ar Mhuiris Ó Daimhín sa vóta le haghaidh na hUachtaránachta.

D'éirigh leis an Ardeaspag Croke an dá thaobh a thabhairt le chéile, mar sin féin, agus ag Comhdháil Speisialta, i mí Eanáir 1888, atoghadh Muiris Ó Daimhín ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael.

**1888 Turas ar Mheiriceá**
Ceann de na príomhspriocanna a bhí ag bunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael ná athbheochan Cluichí Tailteann. Shocraigh Cumann Lúthchleas Gael na cluichí a reáchtáil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1889 agus mheas siad go mbeadh £5,000 ag teastáil lena leithéid a eagrú. Leis an airgead a bhailiú, shocraigh siad grúpa de chaoga lúthchleasaí a thabhairt ar turas tiomsaithe airgid chuig ionaid Éireannacha i Meiriceá agus thug siad taispeántais iomána agus lúthchleasaíochta chomh maith le páirt a ghlacadh i gcomórtais idirnáisiúnta idir Éirinn agus Meiriceá.

Mar sin féin, de bharr na drochaimsire agus easaontas inmheánach idir an dá eagraíocht lúthchleasaíochta i Meiriceá, níor fhreastail mórán ar na taispeántais. B'éigean do Chumann Lúthchleas Gael £450 a fháil ar iasacht ó Mhicheál Mac Daibhéid  leis na hiomaitheoirí a thabhairt abhaile. D'fhan 17 acu i Meiriceá. Cé gur theip ar an turas sa mhéid is nár éirigh leo mórán airgid a bhailiú spreag sé suim sna Cluichí Gaelacha i measc na nÉireannach agus na nGael-Mheiriceánach.

**1913 Páirc an Chrócaigh ceannaithe ag Cumann Lúthchleas Gael**
Ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Lúthchleas Gael 1905 glacadh an cinneadh leacht cuimhneacháin a chur in airde in ómós don Ardeaspag Cróc, céad phátrún CLG, a fuair bás sa 1902.  Le cuid den airgead a bhailiú don leacht socraíodh 'Comórtas Cuimhneacháin an Chrócaigh', a eagrú agus d'éirigh leo brabús de £1,872 a dhéanamh le gabháil i dtreo an leacht cuimhneacháin. Tháinig athrú ar an bplean le haghaidh an leachta, áfach, agus shocraigh Cumann Lúthchleas Gael an t-airgead a chur i dtreo Faiche Spóirt Bhóthar Mhic Sheoin a cheannach ó Frank Dineen ar £3,500. Thug siad 'Páirc an Chrócaigh' ar an bpáirc in ómós an Ardeaspaig Cróc.

**1916 Rannpháirtíocht CLG**
Cé nach raibh baint fhoirmiúil ag Cumann Lúthchleas Gael leis, ghlac go leor ball de chuid an Chumainn páirt in Éirí Amach 1916. B'éigean stop a chur le gníomhaíochtaí CLG ar fud na tíre de bharr gur cuireadh go leor de bhaill an Chumainn i bpríosún.

Sa bhliain 1916, shocraigh Cumann Lúthchleas Gael go raibh orthu a ladar a chur sa scéal, áfach, nuair a d'aontaigh an Cumann toscaireacht a chur chuig comhdháil de chuid Bhardas Bhaile Átha Cliath d'fhonn cumann maithiúnais a chur ar bun do na príosúnaithe. Go gairid i ndiaidh Éirí Amach 1916 chuir Údaráis na Breataine srian mór ar ghluaiseacht tráchta ar fud na hÉireann. Bhí tionchar tubaisteach aige sin ar na traentachta a bhíodh ag tabhairt daoine go Páirc an Chrócaigh. Bhí fíor-dhrochthionchar aige sin ar chúrsaí airgeadais CLG.




*Páirc an Chrócaigh mar atá sa lá atá inniu ann*

**1918 Domhnach Gaelach**

Sa bhliain 1918 thug Údaráis na Breataine le fios do Luke O'Toole nach gceadófaí aon chluichí iomána ná peile a imirt mura bhfaighfí cead ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath. D'aontaigh Cumann Lúthchleas Gael d'aon ghuth ag an gcruinniú a bhí acu ar an 20 Iúil 1918 nach ndéanfaí iarratas ar aon chead den sórt sin. Socraíodh, freisin, go gcuirfí duine ar bith a dhéanfadh iarratas ar chead, nó aon imreoir a bhí ag imirt i gcluiche ina bhfuarthas cead, ar fionraí ón gCumann.

Ní hamháin sin, ach d'eagraigh Ard-Chomhairle sraith cluichí ar fud na tíre ar an Domhnach 4 Lúnasa 1918. Imríodh cluichí go hoscailte fud fad na tíre an lá sin agus ghlac tuairim 'is 54,000 ball páirt i gcluichí eagraithe gan chead ó Údaráis na Breataine an lá sin. Domhnach Gaelach a tugadh ar an lá sin.


Michael Hogan


Tom Hogan


Daniel Carroll


James Burke


James Teehan



Joe Traynor


James Matthews



Thomas Ryan


Patrick O'Dowd


Michael Feery


William Robinson


Jerome O'Leary


John William Scott


Jane Boyle

# Cuimhnímis Orthu Uilig


Cumann na gCleas Lúith nGaedhealach
(GAELIC ATHLETIC ASSOCIATION)

GREAT CHALLENGE MATCH
(FOOTBALL)
Tipperary v. Dublin
AT CROKE PARK
ON SUNDAY, NOVEMBER 21, 1920
MATCH AT 2.45 P.M.

ADMISSION ∴ ∴ ∴ ∴ 1/-

## Domhnach na Fola

Páirc an Chrócaigh

21ú Samhain, 1920

# Laochra na hIomána 2024



Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

## *Our Games – Our Heroes – Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.






Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie

Foras na Gaeilge

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Crannchur Náisiúnta

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D | H | R | Ó | I | L | O | U | P | N | É | S | R | É | I | T | E | O | I | R |
| S | L | Í | B | C | R | P | H | G | E | H | D | I | A | U | N | H | R | S | A |
| A | I | S | M | A | O | R | C | Ú | I | L | P | H | M | G | E | A | L | C | B |
| É | O | S | E | R | B | C | U | S | G | L | R | B | O | P | H | M | F | B | H |
| M | N | D | C | G | L | N | I | P | U | M | A | R | O | P | S | C | T | E | A |
| G | A | E | A | H | Í | C | R | G | H | F | U | Ú | N | N | L | Ú | I | H | D |
| N | D | F | I | E | R | B | D | B | D | S | H | I | F | R | J | I | G | C | H |
| E | A | R | N | T | H | P | E | S | A | N | F | G | F | H | L | T | M | D | G |
| T | Í | O | T | R | N | B | N | G | E | U | S | H | L | T | R | I | G | C | E |
| S | O | G | M | F | F | G | P | I | H | C | P | C | E | L | S | M | T | O | V |
| B | C | M | H | F | U | E | H | B | T | R | L | L | H | B | U | H | E | Á | R |
| C | H | F | A | G | I | L | Á | B | L | P | I | Á | M | U | B | S | D | R | T |
| E | T | C | S | U | S | D | I | T | Ú | L | D | E | R | S | A | T | D | P | B |
| O | F | I | L | C | S | I | R | B | N | G | P | H | T | N | A | Í | R | F | U |
| T | O | Í | A | R | E | H | C | É | I | M | E | A | N | N | A | I | M | E | P |
| R | L | É | C | O | F | T | L | Ó | M | D | C | E | B | F | R | S | O | A | N |
| C | A | N | H | O | E | T | A | U | L | N | E | N | B | O | A | L | C | D | I |
| S | N | O | L | T | A | R | R | A | I | N | G | L | F | L | A | I | G | Ó | P |
| G | I | F | O | E | L | A | R | O | S | E | C | A | I | Í | L | P | N | G | R |
| T | A | I | C | I | L | D | É | A | N | A | C | H | E | C | L | F | G | H | T |

# Ag Réiteoireacht – Aimsigh na Focail!

**RÉITEOIR** *(Referee)*

**FEADÓG** *(Whistle)*

**AM CÚITIMH** *(Stoppage Time)*

**CLÁR NA SCÓR** *(Scoreboard)*

**MAOR CÚIL** *(Umpire)*

**CAINT MHASLACH** *(Abusive Language)*

**TAICIL DÉANACH** *(Late Tackle)*

**CUIR DEN PHÁIRC** *(Send Off)*

**CÉIMEANNA** *(Steps)*

**IONADAÍOCHT FOLA** *(Blood Substitution)*

**BRÚIGH** *(Push)*

**FEALL** *(Foul)*

**RABHADH** *(Warning)*

**TARRAING** *(Pull)*



Le hÉabha Ní Mhaoldúin

# Paul Conroy ainmnithe mar Imreoir na Bliana



Chuile rud faoi smacht ag Conroy




Paul Conroy - Imreoir na Bliana PwC GAA GPA 2024

Ainmníodh Paul Conroy mar Pheileadóir na Bliana le déanaí. Imríonn Conroy le foireann peile na Gaillimhe, a raibh an lámh in uachtar ag Ard Mhacha orthu i gCluiche Ceannais na hÉireann i mbliana. Scóráil sé 1-13 i gCraobh na hÉireann 2024, éacht den chéad scoth.

Imríonn Conroy leis an gclub Naomh Séamas in oirthear na Gaillimhe. I 2010 bhuaigh siad Craobh Idirmheánach na Gaillimhe agus Craobh Chonnacht. Chomh maith leis sin, bhí Conroy ina chaptaen ar fhoireann mhionúr na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann i 2007, nuair a bhí an bua acu ar Dhoire. D'imir Conroy a chéad chluiche d'fhoireann shinsear na Gaillimhe i gcoinne Rós Comáin, inar scóráil sé 6 chúilín. Ó shin i leith, ba imreoir lárnach é do na 'Tribesmen'.

Sa bhliain 2018, áfach, d'fhulaing Conroy gortú uafásach nuair a bhris sé a dhá chos agus é ag iarraidh seilbh na liathróide a bhuachan i gcluiche in aghaidh Chiarraí. D'fhág an timpiste sin Conroy i gcathaoir rothaí.

Tháinig Conroy ar ais go láidir sa bhliain 2020 agus is léir go raibh tionchar mór ag an dearcadh dearfach atá aige ar a théarnamh. Tá scéal Conroy inspioráideach agus léiríonn sé an diongbháilteacht agus an díograis a bhaineann leis mar dhuine.

Anuas air sin, tá ról tábhachtach ag an nGaeilge i saol Conroy. Ba as Gaeltacht Chonamara dá thuismitheoirí, agus sa bhliain 2022, fógraíodh é mar Ambasadóir na Gaeilge de chuid CLG don bhliain sin. Is múinteoir é i gColáiste Bhaile Chláir, áit a múineann sé Gaeilge agus staidéar gnó.

Ó d'imir Paul Conroy le Gaillimh don chéad uair i 2008, tá 6 cinn de chraobhacha Chonnacht buaite aige. D'éirigh leis Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach faoi dhó. Nuair a moladh Conroy le haghaidh Ghradam All-Star agus do Pheileadóir na Bliana i mbliana bhí sé tuillte go maith aige. D'eascair sé sin as a chuid taispeántais iontacha, i lár na páirce, ar an bpáirc imeartha i mbliana.




Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

# Laochra na Peile 2024



Le hAedín Ní Bhriain

# Sláinte na bhfear ‘is go maire na mná go brách!

***(Forbairt an duine iomláine agus Cumann Lúthchleas Gael)***




Mar is eol do chách, baineann CLG le spórt, le cluichí Gaelacha, le hardchaighdeán iomaíochta, le spleodar agus beocht thar na bearta, gan trácht ar na laethanta speisialta i bPáirc an Chrócaigh a chuireann an chuisle ag preabadh. Ach ina theannta sin, tá luachanna fíorthábhachtacha ar nós féiniúlacht pobail, ionchuimsitheacht, rannpháirtíocht, meas agus leas imreoirí fite fuaite go dlúth in éiteas na heagraíochta. Tá sláinte & folláine ár gcuid ball uile lárnach san eagraíocht chomh maith céanna. Féachaimis ar chuid de na himeachtaí a eagraítear faoi choimirce CLG chun cabhrú linn aire a thabhairt dá chéile, chun tacú le meabhairshláinte & forbairt intleachtúil, gníomhaíochtaí a chabhraíonn linn spraoi & tairbhe a bhaint as bheith páirteach i CLG.

**Dads & Lads CLG**

Is clár sóisialta iománaíochta agus peile é ‘GAA Dads & Lads’ dóibh siúd ar mian leo taitneamh a bhaint as cluichí Gaelacha lasmuigh de struchtúir thraidisiúnta iomaíocha CLG.

Dírithe ar fhir sna 40aidí agus níos sine, tá an bhéim ar idirghníomhaíocht shóisialta agus spraoi, dhá ghné a chuireann spóirt foirne ar fáil.

Tugtar deis cluichí a imirt d’imreoirí atá críochnaithe leis an spórt ar bhonn iomaíoch, d'imreoirí atá imithe ón spórt le tamall atá ag iarraidh filleadh ar na cluichí Gaelacha agus dóibh siúd nár imir riamh agus nach dteastaíonn uathu ach triail a bhaint as ár gcluichí.

Díríonn ‘GAA Dads & Lads’ ar spraoi agus ar rannpháirtíocht. Níl na cluichí dírithe ar iomaíocht - agus níl aon trófaithe, bhuaiteoirí ná dámhachtainí i gceist. Tá an bhéim ar scileanna agus ar bheith ag imirt seachas ar fhisiciúlacht agus bhuachan agus spreagtar cur chuige ‘Bigí ann agus bígí ag imirt' ann.

**Gaelic4Mothers&Others**

Is bealach nuálach é an tionscnamh Gaelic4Mothers&Others, chun máithreacha agus mná eile a chur ar an eolas faoi Pheil na mBan. Is minic a fhágann máithreacha a gcuid páistí ag traenáil agus ansin bailíonn siad iad níos deanaí, ach tá Cumann Pheil na mBan ag iarraidh é sin a athrú.

Sa tionscnamh Gaelic4Mothers&Others tá mná ag imirt Pheil na mBan i dtimpeallacht spraíúil, neamhiomaíoch agus shóisialta. Tugann Gaelic4Mothers&Others deis do mhná a gcuid aclaíochta seachtainiúla molta a fháil ar bhealach spraíúil agus iad ag bualadh le máithreacha eile sa cheantar.

Tá an-tóir ag mná de gach aois ar an tionscnamh agus é faoi bhláth anois i ngach ceann de na 32 contae le scéalta rathúla ag teacht chun cinn ar fud na tíre.

Eagraítear blitz cúige amháin i ngach cúige gach bliain agus blitz amháin ag an leibhéal náisiúnta atá an–rathúil le breis is 2,500 rannpháirtí ag glacadh páirte ann.

**GAAgaeilge Go Games**

Eagraítear GAAgaeilge Go Games, do dhaoine óga fé 12 i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, gach bliain. Ceiliúradh a bhíonn ann ar na cluichí agus ar

an nGaeilge. Lá Gaeilge agus Gaeltachta é an lá seo i bPáirc an Chrócaigh agus tugtar cuireadh do na clubanna/scoileanna de bharr go bhfuil Gaeilge ag a gcuid imreoirí/scoláirí.

Bíonn tuairim 'is 400 buachaill agus cailín ó phobail Ghaeltachta agus ó scoileanna lán-Ghaeilge agus ó chlubanna atá ag díriú ar an Gaeilge ag glacadh páirte sa lá. Bíonn an togra seo á eagrú ag Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG, ag Oifigigh Ghaeilge na Mumhan agus Uladh i gcomhar le Rannóg Forbairt Cluichí Náisiúnta CLG.

Ní bhíonn aon bhuaiteoirí oifigiúla ann ar an lá. Is é an sprioc atá ann ná go mbíonn seans ag gach imreoir óg cluiche a imirt agus go mbíonn seans acu sult a bhaint as an lá i bPáirc an Chrócaigh. Sa tslí sin, bíonn gach páiste ina bhuaiteoir!

**Fóram Óige**

Óstálann CLG Fóram Náisiúnta don Óige ar bhonn náisiúnta. Tugann 300 toscaire óg idir 12 agus 21 bliain d'aois aghaidh ar Pháirc an Chrócaigh gach fómhar, le freastal ar an bhFhóram Óige. Bíonn deis ag an dream óg, nó an chéad ghlúin eile de riarthóirí agus dhéantóirí polasaí CLG, plé a dhéanamh ar na mianta atá acu agus an chéad chaibidil eile de scéal Chumann Lúthchleas Gael a mhúnlú ag an bhfóram.

Cuireann Fóram Óige CLG réimse ceardlann idirghníomhach agus cainteoirí ar fáil le hábhair a bhaineann le hábhair den chineál seo a leanas:

- *Struchtúir Chinnteoireachta*
- *Cumarsáid*
- *Iompar an Chóitseálaí; Oideachas*
- *An Ghaeilge – Tuairimí don todhchaí*
- *Aghaidh a thabhairt ar an Idirdhealú; Inrochtaineacht*
- *Forbairt; Deiseanna chun obair dheonach a dhéanamh*

Is í Comhdháil na nÓg a bhíonn mar phríomhsheisiún ag Fóram Óige CLG agus déantar torthaí na Comhdhála a chur ar aghaidh mar mholtaí ó ionadaithe ó Choiste Óige CLG chuig Comhdháil CLG 2025. Ba é téama an fhóraim i mbliana ná 'Guth na hóige a neartú don 140 bliain amach romhainn'.

Tá raidhse eolais faoi na himeachtaí uilig luaite san alt seo (agus a lán eile nach é!) ar fáil ar shuíomh gréasáin www.gaa.ie

**Mens sana in corpore sano**

*(Intinn sláintiúil i gcorp sláintiúil)*

Bímis bródúil as an méid atá bainte amach againn mar Chumann go dtí seo. Bímís uallmhianach maidir leis na tograí atá fós le teacht. Leanaimis orainn ag ceiliúradh an duine ina iomláine inár n-eagraíocht uathúil – is cinnte go bhfuil áit dúinn uilig ann.


Amhrán na bhFiann
Ambasadóir Gaeilge don Chlub
Clárú le FSMD
Comharthaí Gaeilge
10 gCéim Chun Tosaigh don Ghaeilge sa Chlub
Ciorcal Comhrá
Oifigeach Gaeilge a Cheapadh
Pop-Up Gaeltacht
Na Meáin Shóisialta
Lá na Gaeilge sa Chlub
Eolas faoi Scoláireachtaí Gaeltachta a Scaipeadh
CÚ
Do Chlub, Do Chéim
#GAAgaeilge
GAA.ie/thegaa/cultur-agus-gaeilge


# Crosfhocal

## TRASNA

1. Baile na Mí, Páirc _________, 9
2. Iománaí Óg na Bliana, 5
6. Bainisteoir Iománaithe na Gaillimh, 8
9. Bainsiteoir Iomána Aontroma, 10
12. Peileadóir na Bliana 2022 agus 2023, 8
13. Club Michael Fitzsimons, 5
15. Contae Enda Smith, 3, 6

## SÍOS

1. Iománaí le Cill Chainnigh, 1, 1, 4
3. Ambasadóir Gaeilge CLG, 1, 4
4. Club Rory Beggan, An ____, 5
5. Contae Seán agus Colin Currie, 3, 6
7. Réiteoir as Ceatharlach, 1, 5
8. Curaidh Peile 1951, ______,5, 2
10. Seaimpíní Reatha Chorn Tailteann, An ___, 3
11. Contae Niall Murphy, 8
12. Bainisteoir peile Chorcaí, 6







FREAGRAÍ

# Camchuairt na nAmhrán - Eochaill

Ag leanúint orainn ar turas bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, is ag triall ar Chorcaigh atáimid san eagrán seo – Cuairt ar Eochaill.

Is amhrán grá é seo a bhfuil a theideal ag tagairt do bhaile Eochaille i gContae Chorcaí, agus is é an t-amhránaí Nioclás Tóibín ón Rinn Co. Phort Láirge is mó a bhfuil baint aige leis. Deirtear go raibh tionchar ag stíl pastourelle na Fraince ar an bhfoirm amhránaíochta a ionchorpraíodh i bhfilíocht / liricí amhrán na hÉireann ón 18ú haois ar aghaidh. Insíonn an t-amhrán faoi chailín ón gceantar le guth níos binne ná ceol sí.

Bainigí taitneamh as!

(Féach thíos na focail, na nótaí agus blaiseadh beag den amhrán)




*Laoch mór Eochaille agus Chorcaí, Bill Cooper*

## Eochaill

Maidin Domhnaigh, is mé ag dul go hEochaill
Do casadh an óig-bhean orm sa tslí
Bhí a gruaig ar áilleacht ar sileadh thóirste
Is ba bhinne a glór ná na ceolta sídhe
Leagas mo lámh ar a bráid le mórtas
Is d'iarr mé póigín ar stór mo chroí
Sé dúirt sí "Stad is ná strac mo chlóca
Is gan fios do ghnósa ag bean do thí"
"Seo mo lámh duit ná fuilim pósta
'S gur buachaill óg mé thug gean do mhnaoí
'S dá dtriallfá liomsa ar ais go hEochaill
Go bhfaighfeá ómos mar a gheobhadh bean tí
Chuirfinn high-caul cap i gceart is i gcóir ort
Gúna, clóca is caipisín
Bheadh siopa dram againn de'n bhfíon is den bheoraigh
Is do leanbh dóigheamhail ag siúl an tí"
"Níl ann ach uair bheag ó d'fhág mise Eochaill
'S ní ligeann an brón dom filleadh arís
Mar go mbheadh mo mhuintir i bhfeirg mhór liom
'S cha bhfaighinnse fóirthint óm' chairde gaoil
Leath a ndeir siad, ní dhéanaim a gcomhairle
Ach buailim an bóthar de ló 'gus d'oíche
Is cailín scaite mé 'tá ag siúl an bhóthraigh
Ag lorg eolais ar Cheapach Chuinn"

https://www.tiktok.com/@ancheadghluineilexo/video/7124241026935459077?lang=en

# Do Threibh, Do Chontae



## Na Laochra Peile

### LAIGHIN

Áth Cliath - Con O'Callaghan
An Mhí - Donal Keoghan
Cill Dara - Ryan Houlihan
Ceatharlach- Ross Dunphy
Lú - Sam Mulroy
CIll Mhantáín - Dean Healy
Loch Garman - Eoin Porter
Laois - Mark Barry
Uíbh Fhailí - Peter Cunningham
An Longfort - Darren Gallagher
An Iarmhí - Ray Connellan

### ULAIDH

Muineacháin- Rory Beggan
An Cabhán- Pádraig Faulkner
Dún na nGall - Ryan McHugh
An Dún – Pierce Laverty
Doire - Conor Glass
Ard Mhacha - Rian O'Neill
Tír Eoghain - Kieran McGeary
Aontroim - Peter Healy
Fear Manach - Sean McNally

### CONNACHTA

Gaillimh - Shane Walsh
Maigh Eo - Aidan O'Shea
Ros Comáin - Enda Smith
Sligeach- Niall Murphy
Liatroim - Barry McNulty

### AN MHUMHAIN

Ciarraí - David Clifford
Corcaigh - Seán Meehan
Luimneach - James Naughton
An Clár - Brian McNamara
Tiobraid Árann - Jimmy Feehan
Port Láírge - Dermot Ryan



# Freagraí

## P. 9
## Cé hé seo?




## P. 13
## 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh

1 Cill Chainnigh
2 Kieran McGeaney
3 Tony Kelly
4 Páirc na gCeilteach
5 6
6 Aaron Gillane
7 38
8 Gaillimh
9 6
10 Dún na nGall

## P. 27
## Crosfhocal

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | T | A | I | L | T | E | A | N | N | | | | | |
| | | J | | | | | | | | | | | | | |
| | | R | | | | | | H | O | G | A | N | | | |
| | | E | | | B | | Á | | S | | | | | | |
| | | I | | | H | | T | | H | | | | | | |
| | | D | O | N | O | G | H | U | E | | | | | | |
| | | | D | | T | | C | | A | | | | | | |
| | | | W | | H | | L | | | | | | | | |
| | | | Y | | | | I | | | | | | | | |
| | | | E | | | | A | | | | | M | | | |
| | | | R | | F | I | T | Z | G | E | R | A | L | D | |
| S | | | | | | | H | | | | | I | | Ú | |
| I | | | | | | | | | | | | G | | N | |
| G | | | | | | | | | | | | H | | | |
| E | | | | | | | | | | | | E | | | |
| A | | | | | | | C | L | I | F | F | O | R | D | |
| C | U | A | L | A | | | L | | | | | | | | |
| H | | | | | | | E | | | | | | | | |
| C | I | L | L | C | H | U | A | | | | | | | | |
| | | | | | | | R | O | S | C | O | M | Á | I | N |
| | | | | | | | Y | | | | | | | | |



# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil**
**don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus**
**is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna**
**a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh**
**agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN